Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16252/25**

**ENV 1316**
**CLIMA 575**
**COMPET 1280**
**IND 566**
**AGRI 668**
**FOOD 112**
**PECHE 430**
**ENER 642**
**MI 995**
**ENT 270**
**MAP 151**
**RECH 534**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais<br>– Seisiún tuairimíochta |

1. An 27 Samhain 2025, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht maidir le Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe de chuid an Aontais[1], arb é is aidhm dó feabhas a chur ar úsáid acmhainní bitheolaíocha in-athnuaite ón talamh agus ón bhfarraige agus roghanna malartacha ar amhábhair chriticiúla a chur ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas an dul chun cinn a dhéanamh i dtreo geilleagar níos ciorclaí agus níos dícharbónaithe.

[1] 16071/25 - COM(2025) 960 final + ADD1.

2. Mar threoir don seisiún tuairimíochta maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair, a bheidh ag an gComhairle (Comhshaoil) an 16 Nollaig 2025, d'ullmhaigh an Uachtaránacht doiciméad eolais agus dhá cheist, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an doiciméad eolais ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus é a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh an tseisiúin tuairimíochta thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Creat straitéiseach le haghaidh bithgheilleagar iomaíoch inbhuanaithe de chuid an Aontais**

**- Seisiún tuairimíochta -**

**Páipéar eolais ón Uachtaránacht lena ngabhann ceisteanna do na hAirí**

Thíolaic an Coimisiún Eorpach 'Creat Straitéiseach le haghaidh Bithgheilleagar Iomaíoch Inbhuanaithe de chuid an Aontais' an 27 Samhain 2025.[1]

Is é an fhís atá sa Straitéis Bhithgheilleagair go gcuirfear ábhair agus táirgí bithbhunaithe inbhuanaithe in úsáid go forleathan san Aontas faoi 2040, rud a fhágfaidh go mbeidh na bithréitigh iomaíoch. Díríonn sé ar an méadú agus ar an nuálaíocht, ar phríomh-mhargaí a fhorbairt, ar bhithmhais a fhoinsítear go hinbhuanaithe a áirithiú agus ar leas a bhaint as comhpháirtíochtaí agus deiseanna domhanda.

Tá sé curtha in iúl roinnt uaireanta ag Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen go bhfuil an bithgheilleagar ríthábhachtach chun réitigh inbhuanaithe a chur ar fáil ar chuid de na dúshláin is mó atá romhainn, lena n-áirítear an rathúnas inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, an ganntanas acmhainní, cailliúint na bithéagsúlachta, agus chun an sprioc a bhaint amach maidir leis an Eoraip a bheith aeráidneodrach faoi 2050.

Leag iar-Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh, Mario Draghi, béim ar an mbithgheilleagar mar phríomhspreagthóir maidir le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, cleachtais an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, poist ghlasa a chruthú, agus spriocanna an Aontais Eorpaigh maidir le geilleagar inbhuanaithe iomaíoch a bhaint amach. Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024 agus i gClár Oibre Straitéiseach 2024-2029, leagadh béim ar an ngá atá le geilleagar atá tíosach ar acmhainní a fhorbairt, forbairt thionsclaíoch na dteicneolaíochtaí glana a chur chun cinn, agus acmhainneacht an bhithgheilleagair a bhaint amach ina hiomláine.

[1] 16071/25 + ADD 1.

Sna conclúidí uaithi in 2023, d'iarr an Chomhairle freisin go ndéanfaí limistéir thuaithe agus chósta a shlógadh trí shlabhraí luacha nua a fhorbairt.

Is dúshlán geopholaitiúil agus straitéiseach é an spleáchas atá ann faoi láthair ar acmhainní iontaise le haghaidh fuinnimh, leasachán, ceimiceán agus ábhar. Thángthas ar an gconclúid i d*Tuarascáil 2022 ar Dhul Chun Cinn maidir le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais* gur dócha go mbeidh bearna infhaighteachta bithmhaise 40-70 % roimh an Aontas faoi 2050. Mar sin féin, tá an tAontas neamhthuilleamaíoch den chuid is mó faoi láthair i dtaobh soláthar bithmhaise (thart ar 90 %[2]) agus tá sé d'acmhainn aige an sciar sin a choinneáil, chomh fada agus a chuirtear bearta fadtéarmacha comhleanúnacha chun feidhme lena gcoinnítear ar bun an acmhainneacht tháirgiúil, sláinte na n-éiceachóras agus an athléimneacht acmhainní le himeacht ama. Is é is cuspóir don chreat straitéiseach le haghaidh an bhithgheilleagair na bearta sin a chur i bhfeidhm agus, ag an am céanna, rannchuidiú le cuspóirí an Aontais maidir leis an bhfás, leis an bhfostaíocht, leis an iomaíochas agus leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear cuspóirí aeráide agus spriocanna bithéagsúlachta agus comhshaoil.

Iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar an gceist threorach seo a leanas don mhalartú tuairimí ag Cruinniú na Comhairle Comhshaoil:

- Cad iad na príomhdhúshláin agus na príomhdheiseanna a bhaineann le bithgheilleagar athléimneach fadtéarmach, a fhoinsítear go hinbhuanaithe, atá iomaíoch agus a théann chun tairbhe do phobail áitiúla, a áirithiú?
- An bhfuil eilimintí leordhóthanacha i Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais chun fís an Bhithgheilleagair Eorpaigh a bhaint amach in 2040? Mura bhfuil, cad iad na heilimintí, dar leat, atá in easnamh?

---

2 JRC, soláthar bithmhaise an Aontais, úsáidí, rialachas agus gníomhaíochtaí athghiniúnacha, 2025.